

AN TAILLIÚR SA MBRUIDHIN

Fear is bean a bhí mór le chéile agus bhí siad ag dul ar pósadh nuair a bhí gach aon duine acab sásta. Bhíodh sé ag cainnt go minic léithe. Tháinig sé chó fada léithe lá a bhí sí ag bleaghan na mbeithidheach. D'fíafraigh sí dhe cá fháide go dtéigheadh siad a' pósadh. "Poinnte ar bith is maith leat," adeir sé. "Tá sé chó maith duit teacht i n-éinfeacht liom anocht," adeir sí.

"Fágfaidh mé an bainne seo sa mbaile agus pósfamuid." Bhual sé i néinfeacht léithe. "Rachamuid chuig an sagart," adeir sí. Bhí sé ag siubhal i n-éinfeacht léithe agus fachtas dó go mb'aisteach an áit a raibh sí dá thabhairt. Níor cheap sé go raibh sí ag imtheacht ceart chor ar bith. Níor labhair sé aon fhocal go ndeachaidh sí isteach sa teach seo. Ní raibh aon eolas aige ar an teach, níorbh é a theach féin é. Chuaidh sí isteach agus sheas seisean leis an dorus. Bhí tailliúr i leathtaobh an dorus ag fuagháil. Ghabh an bhean siar sa seomra leis an mbainne. Ní raibh ann ach go raibh sí thiar nuair a tháinig fear aniar as an seomra agus chuir sé cúl a chos leis an teine. "Gabh siar," adeir sé leis an bhfear, "tá glaothach ort thiar." "Ná téirigh," adeir an tailliúr go réidh, i riocht is nár chuala an fear ag an teine, agus chraith sé a cheann leis an bhfear ag an dorus.

Tháinig bean aniar i ndorus an tseomra. "Gabh aníos," adeir sí.

"Ná téirigh," adeir an táilliúr. Ní raibh ann ach go raibh an bhean gaibhte siar nuair a tháinig bean eile aniar. "Gabh aníos," adeir sí.

"Ná téirigh," adeir an tailliúr.

Ní dheachaidh an fear siar. "Gabh abhaile," adeir an tailliúr, agus ná breathnuigh i do dhiaidh go mbeidh tú sa mbaile." Chuaidh sé amach agus chuaidh sé abhaile agus nuair a tháinig sé isteach, "goirim is chaisrigim tú," adeir an mháthair, "Cé raibh tú? An ag an tórramh a bhí tú?"

"Cá bhfuil an tórramh? Nach bhfuil an bhean a bhí luaithe leat caillte?," adeir sí. "Creidim go bhfuil," adeir sé. Tá rud éicint caillte ach ní hí an bhean sin í. Gabh sé ag an tórramh agus dubhairt sé leob gan a bheith ag cathú ina diaidh chor ar bith nach raibh sí caillte chor ar bith d'innis sé dóib an bealach ar imthigh sí leis féin, agus go mbeadh sé féin caillte freisin marach an tailliúr agus go raibh sí sa mbruidhin. Fear eile a thug sa mbruidhin í agus shíl sí a fear féin a thabhairt léithe. Dá dteigheadh sé siar sa seomra nuair a chomhairligh an tailliúr dhó gan a dhul ann, bhí an fear eile saor.